NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtsonraíocht le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta

## Le haghaidh comhairliúcháin



Márta 2026

# An Clár Ábhar


An tsraith shinsearach ..... 1

Réasúnaíocht ..... 2

Aidhm ..... 4

Leanúnachas agus dul chun cinn ..... 4

An tSraith Shóisearach ..... 4

I ndiaidh na sraithe sinsearaí ..... 5

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach ..... 5

Príomhinniúlachtaí ..... 6

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama ..... 11

Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil ..... 14

Snáithe 2: Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil ..... 17

Forbhreathnú ar na snáitheanna comhthéacsúla – Snáithe 3: Éire 1879–2009 agus Snáithe 4: An Domhan 1917–2009. ..... 19

Snáithe 3: Éire 1879–2009 ..... 20

Snáithe 4: An Domhan 1917–2009 ..... 23

Teagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí ..... 25

Measúnú ..... 27

Measúnú don teistiúchán ..... 27

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Tuairisc an Staidéir Taighde ..... 28

Scrúdú scríofa ..... 32

Socruithe réasúnta ..... 33

Grádú na hArdteistiméireachta ..... 34

Aguisíní ..... 35

Aguisín 1: Topaicí ainmnithe samplacha i Snáithe 2 ..... 35

Aguisín 2: Réimsí Sonraithe na Foghlama – Éire 1879–2009 ..... 36

Aguisín 3: Réimsí Sonraithe na Foghlama: An Domhan 1917–2009 ..... 40

Aguisín 4: Gluais de bhriathra gnímh ........................................................................................44

Aguisín 5: Gluais téarmaí ..................................................................................................46

# An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a bhfolláine ar bhonn ginearálta. Baineann ocht dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

**Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí**

| | |
|---|---|
| Folláine agus caidrimh | Rogha agus solúbthacht |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht | Leanúnachas agus aistrithe |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht | Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol | Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach na scoláirí, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann scoláirí níos mó freagrachta orthu féin as a gcuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán do na scoláirí an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc acu, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht do na scoláirí chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú acu agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina gcuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí

ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí na nithe seo a leanas:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus meastóireacht éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann na scoláirí agus a ligeann dóibh feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar na scoláirí agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

## Réasúnaíocht

Nuair a dhéanann scoláirí staidéar ar an stair, cuirtear ar a gcumas staid an duine a fhiosrú agus feasacht a chothú ar an gcaoi a múnlaíonn an t-am atá thart an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht. Bíonn ról nach beag ag oideachas staire i dtaobh cuidiú le scoláirí fiosrú a dhéanamh ar a gcuid féiniúlachtaí iomadúla, mar dhaoine aonair agus mar chuid de phobal coiteann ag a bhfuil eispéiris stairiúla chomhroinnte araon. Cothaíonn sé tuiscint sna scoláirí ar a n-oidhreacht féin agus muintearas sa domhan mór, rud a chuidíonn leo iad féin a shuíomh i ré agus in áit ar leith. Ach staidéar a dhéanamh ar eispéiris daoine ó ghrúpaí cultúrtha agus eitneachtaí difriúla, forbraíonn na scoláirí tuiscint níos ionchuimsithí ar na féiniúlachtaí iomadúla a mhúnlaítear de bharr imeachtaí agus próisis stairiúla éagsúla.

Nuair a dhéantar staidéar ar an stair, cuirtear an smaointeoireacht chriticiúil chun cinn ó nádúr de réir mar a dhéanann na scoláirí foinsí faisnéise a mhionscrúdú, a léirmhíniú agus a mheas. A bhuí leis na scileanna sin, is féidir scoláirí a chumhachtú chun insintí a nglactar leo a cheistiú, dearcthaí leataobhacha a aithint, cuimhneamh ar chuntais dhifriúla ar an am atá thart agus breithniú a dhéanamh ar théamaí agus saincheisteanna an lae inniu agus cinn ón stair. Ar a bharr sin, nuair a dhéanann scoláirí staidéar ar an stair, tugtar spás dóibh chun fiosrú a dhéanamh ar shaincheisteanna conspóideacha, corraitheacha agus íogaire, rud a dhéanann

éascaíocht ar chur agus cúiteamh oscailte ina n-urramaítear barúlacha difriúla agus ina spreagtar machnamh domhain ar théamaí casta.

I gcroílár an staidéir ar an stair, tugtar an deis do scoláirí tuiscint a fháil ar na fórsaí stairiúla a mhúnlaigh imeachtaí agus próisis. Trí iniúchadh agus ceistiú, atá fréamhaithe in anailís chriticiúil agus fiosrú ó dhearcthaí iomadúla, foghlaimíonn na scoláirí le ceisteanna a tharraingt anuas faoi bharúlacha difriúla, rud a fhorbraíonn an tuiscint atá acu ar chomhbhá stairiúil agus comhfhiosacht faoin stair, mar aon le meon oscailte i leith léirmhínithe stairiúla éagsúla. Cinntíonn sé sin go dtéann siad i ngleic leis an stair ó dhearcadh leathan de, a théann níos faide anonn ná céimlathais gheografaíochta, ama nó chultúir. Nuair a dhéanann na scoláirí amhlaidh, is fearr atá siad ullmhaithe le tuiscint a fháil ar an gcaoi atá imeachtaí ina gcomhthéacs áitiúil agus i gcomhthéacs na hÉireann, na hEorpa agus an domhain fite fuaite ina chéile. Cumhachtaíonn an cur chuige sin na scoláirí ní hamháin chun léirthuiscint a bheith acu do ról na staire i bhféiniúlachtaí aonair agus comhchoiteanna a mhúnlú ach freisin le teacht chun bheith ina saoránaigh eolacha atá in ann dearcthaí atá i réim a mheas agus a cheistiú.

Trí dhul i ngleic le staidéar na staire agus fiosrú a dhéanamh ar nádúr na staire mar dhisciplín, forbraíonn na scoláirí tuiscint choincheapúil agus scileanna litearthachta stairiúla. Tacaíonn na scileanna sin leo chun scrúdú criticiúil agus meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí fianaise faoin am atá thart, agus tuiscint a fháil nach bailiúchán fíricí atá sa stair agus sin amháin, ach gur réimse fiosrúcháin í a bhaineann le breithiúnais stairiúla a fhorbairt bunaithe ar mhachnamh, léirmhíniú agus anailís ar an bhfianaise atá ar fáil. Ach béim a chur ar scileanna staire, cuir i gcás meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí – idir fhoinsí príomhúla agus fhoinsí tánaisteacha – cuirtear ar chumas na scoláirí dearcthaí eolacha a chothú ar shaincheisteanna casta. Baineann an próiseas sin le fiosrú mionchúiseach ar an stair agus, dá réir sin, is féidir inniúlacht a chothú chun ceisteanna ábhartha a chur faoi chúisíocht, iarmhairt agus tábhacht.

Trí staidéar na staire spreagtar na scoláirí chun breathnú ar imeachtaí san am atá thart trí lionsaí difriúla, lena n-áirítear dearcthaí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Leis an gcur chuige sin lena mbaineann dearcthaí difriúla, cuirtear ar a gcumas tuiscint a fháil ar na castachtaí a bhaineann le taithí an duine agus éagsúlacht na bhforbairtí sochaíocha. Ach scrúdú a dhéanamh ar ghuthanna agus dearcthaí difriúla, forbraíonn na scoláirí léirthuiscint fheasach do thaithí chomhroinnte an duine. Dá réir sin, fágtar go gcuirtear ceisteanna ar an bhfáth ar thit cúrsaí amach san am atá caite mar a tharla, agus an ábharthacht a bhaineann leis sin i gcónaí san am i láthair agus amach anseo.

## Aidhm

Déanfaidh na scoláirí fiosrú ar an stair ar bhealach a chothaíonn tuiscint agus eolas fairsing ar imeachtaí san am atá thart agus a chuireann ar a gcumas comhbhá agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt.

Agus na scoláirí ag gabháil don stair, ba cheart go mbeidís in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- taithí a fháil ar an sásamh agus ar an gcumhachtú a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an am atá thart
- dearcadh leathan criticiúil a fhorbairt ar phróisis an athraithe
- scileanna smaointeoireachta criticiúla agus taighde a neartú ach an chaoi a ndéantar fianaise stairiúil a chruthú, a roghnú agus a mhúnlú a aithint, agus tuiscint a chothú go léiríonn foinsí na claontaí agus na comhthéacsanna inar cruthaíodh iad
- fiosrú a dhéanamh ar an am atá thart trí lionsaí éagsúla, lena n-áirítear dearcthaí áitiúla, náisiúnta agus domhanda, chun tuiscint a chothú ar an gcaoi a bhfuil imeachtaí agus gluaiseachtaí stairiúla fite fuaite ina chéile
- tuiscint a fháil gur nithe iad insintí stairiúla atá curtha le chéile agus gur minic a chuirtear ina n-éadan, rud a spreagann na scoláirí chun fiosrú a dhéanamh ar dhearcthaí agus léirmhínithe iomadúla ar imeachtaí agus téamaí stairiúla
- teacht chun bheith ina saoránaigh fheasacha, fhiosracha agus ghníomhacha a bhfuil na huirlisí cearta acu chun an t-am atá thart a léirmhíniú, dul i ngleic leis an am i láthair, agus an todhchaí a mhúnlú
- léirthuiscint a bheith acu d’ionchur grúpaí cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha maidir le sochaithe a mhúnlú le himeacht aimsire, agus an doimhneacht agus an leanúnachas a bhaineann le taithí an duine a aithint.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Cuireann Stair na hArdteistiméireachta leis an eolas, na scileanna, na luachanna, na meonta a eascraíonn as oideachas na scoláirí ón gcóras luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí agus cuireann sé leanúnachas agus dul chun cinn ar fáil in oideachas staire.

### An tSraith Shóisearach

Tá sé d’aidhm ag sonraíocht staire na sraithe sóisearaí fiosrú a dhéanamh ar eispéiris an duine le himeacht aimsire agus na heispéiris chéanna a nascadh leis an domhan ina mairimid inniu. Bíonn na scoláirí ag gabháil do chleachtais iniúchta ina mbaineann siad ciall as gníomhartha daoine san am atá thart agus ina léirmhíníonn siad na gníomhartha sin. Tríd an bpróiseas sin

forbraíonn siad comhfhiosacht faoin stair, rud a chuireann ar a gcumas iad féin a shuíomh i ré agus in áit ar leith. De bharr raon agus fhairsinge na sonraíochta, spreagtar na scoláirí chun tuiscint a fhorbairt ar "mhórphictiúr" na staire, rud a chuireann comhthéacs ar fáil dóibh agus iad i mbun inneachar nua a fhiosrú.

Téann na scoláirí i ngleic leis an stair ach tuiscint a fháil ar choincheapa cosúil le leanúnachas agus athrú, ré agus áit, an chaoi a gcuireann fianaise bonn eolais faoin mbreithiúnas agus an chaoi a dtagann athrú ar na breithiúnais sin le himeacht aimsire de bharr fianaise nua a bheith ag teacht chun cinn agus an tábhacht atá le hoibiachtúlacht le linn iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhartha daoine san am atá thart.

Nuair a dhéanann scoláirí staidéar ar an stair sa tsraith shóisearach, cuirtear ar a gcumas scileanna iniúchta, anailíse agus léirmhínithe a fhorbairt agus cothaítear scileanna idirdhisciplíneacha iontu ar féidir iad a úsáid ar fud an churaclaim.

### I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Fónann staidéar ar stair na hArdteistiméireachta mar bhunchloch den scoth do scoláirí agus iad ag gabháil do shaol na hoibre, don bhreisoideachas agus don oiliúint nó don ardoideachas. Is féidir na scileanna inaistrithe a bhaineann le hiniúchadh, anailís, léirmhíniú agus cumarsáid a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla agus tá siad fónta chun ár mbealach a dhéanamh sa domhan seo atá ag éirí níos casta i gcónaí, ina dtagann faisnéis chomh fada linn i mórán sraitheanna, ina ndéantar í a scagadh trí dhearcthaí éagsúla, agus ina n-úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí éagsúla í. Is féidir le scoláirí i stair na hArdteistiméireachta gabháil do réimsí cosúil le dlí, iriseoireacht, polaitíocht, taighde agus oideachas, ach gan bheith teoranta do na réimsí sin. Ach staidéar a dhéanamh ar an stair, faigheann na scoláirí tuiscint níos bríche ar struchtúir chultúrtha na sochaí ina maireann siad, mar aon le tuiscint níos doimhne ar an bhfáth agus ar an gcaoi ar thit na struchtúir sin amach agus meon criticiúil chun ceisteanna a chur i dtaobh na n-insintí a scaiptear.

## Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí laistigh de na hábhair agus na modúil a nglacann siad páirt iontu agus gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí ag a bhfuil baint lena n-eispéiris sraithe sinsearaí ar fad. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhaoine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.


Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn laistigh den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó modúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, bainfidh na scoláirí tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dóibh aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina saol mar dhaoine fásta le linn dóibh caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus scoláirí ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid do scoláirí, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt acu agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair na scoláirí a dhoimhniú, éiríonn na scoláirí níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine.


## Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.



*Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo*

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal '*snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama*'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




*Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo.*

Tá na scileanna seo nasctha le chéile agus is féidir iad a chónascadh; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán na scoláirí; is féidir leo cabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir. Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht na scoláirí le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na

príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht na scoláirí a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leo dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena gcuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis na scoláirí a gcuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a gcúlra, ar a gcuid cúinsí nó ar a gcuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna acu a bpríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ar [https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/](https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/)

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i Stair na hArdteistiméireachta ar bhealaí éagsúla.

**Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach agus A bheith cruthaitheach**

Tugann Stair na hArdteistiméireachta deis do scoláirí a bheith ag cuimhneamh go criticiúil ar na hargóintí, an fhianaise agus na smaointe a mhúnlaigh an domhan comhaimseartha. Tugann sí a ndúshlán dóibh iniúchadh, anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar raon leathan coincheap a forbraíodh san am atá thart agus ciall a bhaint astu i gcomhthéacs na réanna inar thit siad amach. Agus úsáid á baint as na critéir atá leagtha amach sa tsonraíocht, is féidir leis na scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir tuairimí, breithiúnais, claontaí agus fíricí, agus na scileanna sin a úsáid le linn dóibh scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí chun a n-iontaofacht agus a n-ábharthacht a dhéanamh amach. Trí fhiosrú a dhéanamh ar shonraí, smaoineoidh na scoláirí go criticiúil ar noirm agus cleachtais shóisialta, tabharfaidh siad a ndúshlán do bharúlacha a bhfuil glacadh leo agus cruthóidh siad argóintí agus frithargóintí bailí. Le linn do na scoláirí dearcthaí malartacha a lorg, cuireann siad ceisteanna agus déanann siad ceangail idir réamheolas agus foghlaim nua. Gníomhaíonn na scoláirí ar bhealach eiticiúil, agus glacann siad freagracht as a gcuid oibre agus as obair a ngrúpa agus bíonn siad trédhearcach maidir leis na foinsí a úsáideann siad, is é sin go dtugann siad aitheantas do shaothar agus smaointe daoine eile agus go luann siad iad.

Le linn do na scoláirí scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí atá le gníomhartha daoine, forbróidh siad scileanna cruthaitheacha an iniúchta le taobh tuiscint chriticiúil ar na cultúir a chothaigh na gníomhartha sin. Le linn do na scoláirí na gníomhartha sin a iniúchadh, forbróidh siad scileanna an léirmhínithe chruthaithigh freisin ina ndéanfaidh siad comparáid idir na hidé-eolaíochtaí éagsúla a bhí coitianta le linn na dtréimhsí ama sin agus ina mbainfidh siad ciall as na smaointe agus na téamaí contrártha ar bhealach

cruthaitheach agus dírithe. Cuirfidh sé sin ar a gcumas ciall a bhaint as an áit a bhí acu agus an tábhacht a bhí leo le linn na tréimhse sin den stair. Is scileanna cruthaitheacha iad a bheith fiosrach agus leathanaigeanta atá tábhachtach d'obair an staraí. Trí cheisteanna taighde a fhorbairt, fadhbanna a shainaithint agus tuairimíocht a dhéanamh faoi fhreagraí agus réitigh fhéideartha, forbraíonn na scoláirí raon straitéisí agus próiseas chun a gcuid cruthaitheachta a chothú ar bhealach lena mbaineann feidhm thrasnaí ar fud eispéireas an scoláire. Nuair a dhéanann na scoláirí staidéar ar Stair na hArdteistiméireachta, cuirtear ar a gcumas a bheith ar a gcompord leis an débhríocht agus leis an éiginnteacht le linn dóibh a bheith ag aimsiú bealaí le bogadh ar aghaidh.

**Obair le daoine eile, A bheith rannpháirteach sa tsochaí, agus Cumarsáid**

De réir mar a ghabhann na scoláirí don phróiseas a bhaineann le scileanna an staraí a fhorbairt, déanfaidh siad ceangal lena chéile agus cothóidh siad léirthuiscint don obair i gcomhar. Rachaidh siad i gcomhar ar raon gníomhaíochtaí a bhaineann le hobair an staraí agus úsáidfidh siad scileanna a chéile ar bhonn comhchoiteann chun leas a bhaint as an tacar scileanna atá gach duine den ghrúpa. Is gnéithe lárnacha de na gníomhaíochtaí sin iad cur agus cúiteamh agus fionnachtain agus beidh deis ag na scoláirí tuiscint níos doimhne a fháil ar inneachar an ábhair i dtimpeallacht chomhoibríoch foghlama ina spreagtar féinchumhachtú agus foghlaim chomhroinnte. Trí obair a dhéanamh i ngrúpaí chun topaicí a fhiosrú, glacann na scoláirí róil éagsúla chucu féin, foghlaimíonn siad le hoibriú le chéile chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach agus rannchuidíonn siad leis an ngrúpa ar bhealach bríoch, de réir mar a dhéanann siad a mbealach trí dhifríochtaí tuairime agus cur chuige. Sa taithí a fhaigheann na scoláirí ar an ngrúpdhinimic, forbróidh siad tuiscint agus léirthuiscint do luach na héagsúlachta laistigh de ghrúpaí agus cuirfidh siad an ionchuimsitheacht chun cinn.

Le linn do na scoláirí a bheith i mbun staidéar ar Stair na hArdteistiméireachta, gheobhaidh siad tuiscint dhomhain ar an bhfáth a n-oibríonn an tsochaí ar an mbealach a n-oibríonn sí ach sochaí agus cultúr an lae inniu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis an méid a thit amach roimhe seo. Cuirfidh sé sin ar a gcumas tuiscint a fháil ar an gcaoi agus ar an bhfáth a ndéantar cinntí laistigh den tsochaí, rud a thabharfaidh deis labhartha dóibh dá réir sin chun labhairt amach ar shaincheisteanna a théann i gcion orthu ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Foghlaimíonn siad lena gcuid tuairimí a chomhroinnt agus a chur in iúl trí chleachtas cumarsáide inniúil agus tiocfaidh siad ar smaointe nua trí fhionnachtain, cur agus cúiteamh, agus éisteacht ghníomhach. Tríd an scrúdú a dhéanann na scoláirí ar shonraí, foinsí, téacsanna agus meáin, faigheann siad tuiscint níos doimhne ar chineálacha éagsúla cumarsáide, agus baineann siad tuiscint as brí agus cuireann ceisteanna faoin inneachar. Tríd

an anailís agus an léirmhíniú sin, forbraíonn na scoláirí tuiscint chriticiúil agus aitheantas don mhífhaisnéis agus don bhréagaisnéis. Forbraíonn na scoláirí a gcuid argóintí féin trí fhaisnéis a bhailiú agus is féidir leo a gcuid argóintí a chur i láthair go héifeachtach ach úsáid a bhaint as teanga, formáidí agus teicnící cuí.

### An fholláine a chothú agus an Fhoghlaim a bhainistiú agus an fhéinbhainistiú

Is gnéithe lárnacha do scoláirí i Stair na hArdteistiméireachta iad spriocanna pearsanta a shocrú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhéinfhoghlaim. Spreagtar iad lena machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus tuiscint a fháil ar an tionchar atá aici orthu mar shaoránaigh sa domhan comhaimseartha. Is minic a bhíonn a staidéar dírithe ar dhomhan i gcéin ach a bhfuil cur amach acu air fós féin, agus cuireann sé sin spás sábháilte ar fáil dóibh chun topaicí atá tábhachtach ach íogair a fhiosrú, a phlé agus ciall a bhaint astu, cuir i gcás inscne, eitneacht, cine, aicme, reiligiún, luachanna agus polaitíocht. Le linn do na scoláirí na téamaí sin a fhiosrú, déanann siad machnamh ar na topaicí sin i gcomhthéacs a saolta féin, agus spreagann an tumadh sin iad chun tuiscint a fháil ar dhearcthaí eile agus meas a léiriú orthu. Trína gcuid staidéir, forbraíonn na scoláirí léirthuiscint agus tuiscint d'fhéiniúlachtaí agus cultúir éagsúla agus forbraíonn siad bealach chun a gcuid féiniúlachta pearsanta, luachanna agus creideamh féin a chur in iúl. Le linn do na scoláirí a gcuid foghlama féin a bhainistiú, déanann siad cinntí maidir le spriocanna foghlama pearsanta a leagan síos agus aimsíonn siad bealaí chun freagairt don chastacht agus don éiginnteacht. Trína gcuid machnaimh agus meastóireachta féin ar a gcuid oibre, forbraíonn siad caighdeáin inmheánacha i ndáil lena gcuid oibre féin agus obair daoine eile. Nuair a bhíonn na scoláirí solúbtha agus soghluaiste agus iad ag foghlaim óna gcuid botún agus freagairt d'aiseolas, forbraíonn siad tuiscint ar an bhféin-éifeachtúlacht agus glacann siad freagracht as a gcuid foghlama féin. Féadann na scileanna sin cuidiú leo a gcuid foghlama féin a bhainistiú ar fud raon gníomhaíochtaí éagsúla agus is féidir iad a aistriú go saol an ardoideachais agus an bhreisoideachais agus go saol na hoibre araon.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht seo do Stair na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig d'am ranga ar a laghad. Ceithre shnáithe atá sa tsonraíocht seo le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta:

- Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil.
- Snáithe 2: Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil.
- Snáithe 3: Éire 1879–2009.
- Snáithe 4: An domhan 1917–2009.

Laistigh de Shnáitheanna 3 agus 4 araon, tá trí réimse roghnacha foghlama leagtha amach, agus gach ceann bainteach le hamlíne shonraithe, óna roghnaíonn na scoláirí ceann amháin. Déanfaidh na scoláirí staidéar ar cheann amháin de na roghanna sin i Snáithe 3 agus ceann amháin de na roghanna sin i Snáithe 4. Níl sé beartaithe go dtabharfaí faoi gach ceann de na ceithre shnáithe ar bhealach líneach mar atá leagtha amach sa tsonraíocht. Tá an tsaoirse ag múinteoirí dul i ngleic leis na snáitheanna in ord ar bith; mar sin féin, leis na scileanna agus an tuiscint choincheapúil a fhorbraítear i Snáithe 1, tacófar le rannpháirteachas san fhoghlaim ar fud an chuid eile den tsonraíocht agus cuirfear bonn eolais faoin rannpháirteachas sin. Beidh na scileanna sin fónta go háirithe agus na scoláirí ag plé leis na cáipéisí agus na foinsí atá leagtha síos do Shnáithe 2: Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil. Is féidir teacht ar shamplaí de na fiosrúcháin agus na cineálacha foinsí atá le leagan síos in Aguisín 1. Tá sé beartaithe freisin go rachaidh na scoláirí i ngleic le foinsí príomhúla agus tánaisteacha i gcaitheamh a gcuid foghlama i Snáitheanna 3 agus 4.

Ní bhainfear na torthaí foghlama atá sonraithe amach in aon bhabhta amháin, ach déanfaidh an scoláire an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bhfuil cur síos orthu sna torthaí foghlama a fhorbairt ina gcuid eispéireas sa seomra ranga staire i gcaitheamh an dá bhliain den chúrsa.

*Tábla 1: Snáitheanna sonraíochta le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta*

| Snáithe 1 | Snáithe 2 | Snáithe 3 | Snáithe 4 |
|---|---|---|---|
| **Fiosrúchán Stairiúil** | **Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil** | **Éire 1879–2009** | **An Domhan 1917–2009** |
| Fianaise a Bhailiú | Gluaiseachtaí ar son an Athraithe | Rogha 1: 1879–1918 | Rogha 1: 1917–1945 |
| Anailís | Impireachtaí agus Ríochtaí | Rogha 2: 1918–1966 | Rogha 2: 1945–1979 |
| Léirmhíniú | Cumhacht agus Coinbhleacht | Rogha 3: 1966–2009 | Rogha 3: 1979–2009 |
| Sintéis agus Cumarsáid | Daoine, an Comhshaol agus an tSláinte | | |
| *Téann na scoláirí i ngleic le gach gné den snáithe seo* | *Téann na scoláirí i ngleic le **gach** mionstaidéar atá leagtha síos sa snáithe seo* | *Roghnaíonn na scoláirí **rogha amháin** ón snáithe seo* | *Roghnaíonn na scoláirí **rogha amháin** ón snáithe seo* |

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. Ina theannta sin, in aguisíní 2 agus 3 cuirtear mionsonraí ar fáil maidir le réimsí sonraithe na foghlama i gcás gach rogha i Snáitheanna 3 agus 4. I dteannta a chéile, cuireann siad sin soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a bpríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann siad chun cinn. Tabharfaidh an scoláirí atá i mbun staidéir ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar Stair na hArdteistiméireachta, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirteachas sin éagsúil lena chéile.

*Tábla 2: Dearadh na dtorthaí foghlama ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal.*

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| Téann scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, agus é nithiúil den chuid is mó, ach a mbíonn gnéithe éigin den teibiú nó de theoiric ag baint leis freisin.<br><br>Léiríonn agus úsáideann na scoláirí raon measartha de scileanna agus uirlisí cognaíocha chun smaointe a scrúdú, a iniúchadh agus a shintéisiú.<br><br>Úsáideann na scoláirí fianaise chun insintí faoin am atá thart a chur le chéile.<br><br>Forbraíonn na scoláirí scileanna staire agus baineann siad úsáid as fianaise agus sonraí le torthaí a chur in iúl agus le tátail a bhaint i dtaca le ceisteanna a chuir siad féin agus cinn a chuir daoine eile. | Téann na scoláirí i ngleic le raon leathan eolais, lena n-áirítear coincheapa teoiriciúla agus smaointeoireacht theibí, le doimhneacht shuntasach i roinnt réimsí.<br><br>Léiríonn agus úsáideann na scoláirí raon leathan de scileanna speisialaithe chun smaointe a scrúdú, a iniúchadh agus a shintéisiú.<br><br>Úsáideann na scoláirí fianaise chun insintí a fhorbairt, barúlacha a bhfuil glacadh leo a cheistiú agus dearcthaí malartacha ar an am atá thart a lorg.<br><br>Forbraíonn, léiríonn agus úsáideann na scoláirí scileanna staire agus baineann siad úsáid as fianaise agus sonraí cuí le torthaí a chur in iúl go héifeachtach agus le tátail bhailí a bhaint i dtaca le ceisteanna a chuir siad féin agus cinn a chuir daoine eile. |

Leagtar amach in Aguisín 4 gluais de na briathra gnímh atá in úsáid sna torthaí foghlama.

Tá Gluais Téarmaí atá in úsáid sa tsonraíocht leagtha amach in Aguisín 5.

## Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil

Tacaíonn an snáithe seo leis na scoláirí an tuiscint choincheapúil atá lárnach do dhisciplín na staire a fháil agus a fhorbairt. Tá an fheasacht choincheapúil sin ríthábhachtach le go mbeidh na scoláirí in ann dul i ngleic le heolas substainteach go bríoch agus go criticiúil. Leagtar amach sa snáithe na croí-mhodheolaíochtaí iniúchta agus léirmhínithe a mbainfidh na scoláirí leas astu le linn dóibh dul i ngleic leis an tsonraíocht seo. Déantar cur síos ar scileanna, inniúlachtaí agus meonta an staraí sna torthaí foghlama don snáithe seo. Forbróidh na scoláirí na scileanna, na hinniúlachtaí agus na meonta sin agus iad i mbun foghlama sa snáithe seo agus trí na scileanna sin a chur i bhfeidhm i snáitheanna 2, 3 agus 4. Ina theannta sin, léireoidh siad na scileanna sin trína gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (Tuairisc Staidéir Taighde) a chur i gcrích.

Tá ceithre ghné riachtanacha den fhiosrúchán stairiúil mar bhonn faoin snáithe seo:

- Fianaise a Bhailiú
- Anailís
- Léirmhíniú
- Sintéis agus Cumarsáid.

Forbróidh na scoláirí a n-inniúlacht fianaise a bhailiú agus a scrúdú go criticiúil, agus béim ar leith ar fhoinsí príomhúla, cuir i gcás fianaisí ó bhéal, cáipéisí cartlainne, taifid stáit agus déantúsáin, agus foinsí tánaisteacha, cuir i gcás ábhar a scríobhadh faoin stair, ailt irise, cláir faisnéise agus beathaisnéisí.

Díreoidh na scoláirí ar chlaonadh agus léirmhíniú suibiachtúil a aithint. Tá forbairt scileanna anailíse agus tuiscint choincheapúil lárnach don fhiosrúchán sin. Beidh coinne leis go ndéanfaidh na scoláirí creidiúnacht agus iontaofacht foinsí a mheas, go gceisteoidh siad an bunús atá leo – agus iad ag smaoineamh ar an údar, an dáta, an suíomh agus ar chuspóir a gcruthaithe – agus go gcuirfidh siad dearcthaí éagsúla ó na foinsí sin i gcomparáid chun tuiscint chaolchúiseach agus chuimsitheach a chothú ar fheiniméin stairiúla.

Agus na scoláirí ag cur leis an mbunchloch sin, forbróidh siad a gcuid scileanna léirmhínithe, agus déanfaidh siad fiosrú ar an gcaoi a mbíonn léirmhínithe staraithe múnlaithe ag comhthéacs, dearcadh agus creatlacha idé-eolaíocha, rud a fhágann go mbíonn léamha éagsúla ann ar na himeachtaí ceannanna céanna.

Ar deireadh, cuirfidh na scoláirí a gcuid torthaí stairiúla i láthair go héifeachtach, agus déanfaidh siad faisnéis a shintéisiú, argóintí comhtháite a chur le chéile, agus tátail a chur in iúl go soiléir áititheach. Leagfar béim ar admháil chuí foinsí, rud a chinntíonn críochnúlacht agus ionracas.

Is iad na scileanna sin in éindí atá mar bhunchloch faoi fhiosrúchán stairiúil disciplíneach agus cothaíonn siad rannpháirteachas domhain criticiúil le nádúr ilghnéitheach an ama atá thart.

**Snáithe 1 - Torthaí foghlama**

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **Fianaise a Bhailiú**<br>• Ábhar foinse príomhúla a bhaineann lena gcuid taighde a aimsiú trí chineálacha agus formáidí éagsúla d'ábhar bunaidh a shainaithint, lena bhféadfar foinsí labhartha, cartlainne, oifigiúla, príobháideacha, seandálaíochta, físiúla, téacsúla, digiteacha, srl., a áireamh.<br>• Teicnící taighde staire chun sonraí stairiúla a aimsiú, tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a chros-seiceáil. | 1.1 Ceisteanna taighde a fhorbairt chun a mionstaidéar a threorú.<br>1.2 Ábhar bunaidh agus acmhainní ábhartha a aimsiú agus thiomsú agus taisclanna cuí a shainaithint.<br>1.3 Na dúshláin a bhaineann le foinsí príomhúla agus tánaisteacha a aimsiú a shainaithint.<br>1.4 Úsáid a bhaint as fianaise chun comhthéacsanna, imeachtaí agus próisis stairiúla a iniúchadh. |
| **Anailís**<br>• Ceisteanna a chur i leith foinsí agus foinsí a mheas; 'cén duine, cá háit, cén uair, céard agus cén fáth' a dhéanamh amach le haghaidh ábhar bunaidh ar bith.<br>• Anailís ar cháipéisí; an chaoi a meastar foinsí chun a stair, luach, iontaofacht agus úsáidí a dhéanamh amach.<br>• Claonadh, roghnaíocht, oibiachtúlacht agus suibiachtúlacht i ndáil le hanailís ar fhianaise.<br>• Foinsí stairiúla a shuí ina gcomhthéacs. | 1.5 Anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na foinsí a úsáidtear agus comhthéacsanna, imeachtaí agus próisis stairiúla á n-iniúchadh.<br>1.6 Fianaise agus anailís a úsáid chun scileanna ceistithe stairiúil na scoláirí a fhorbairt.<br>1.7 Smaoineamh ar na comhthéacsanna agus na smaointe a mhúnlaigh na himeachtaí stairiúla agus na próisis faoi thrácht agus an chaoi ar taifeadadh iad. |

| | |
|---|---|
| • Dearcthaí foinsí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht laistigh den staidéar ar imeachtaí stairiúla ar leith. | 1.8 Na láidreachtaí, laigí agus sainiúlachtaí a bhaineann le cineálacha éagsúla foinsí príomhúla a mheas. |
| **Léirmhíniú**<br>• Foinsí tánaisteacha a léamh, ar nós téacsleabhar, beathaisnéisí, ailt irise, cláir faisnéise, podchraoltaí, srl.<br>• Teacht ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí céanna bunaithe ar chomhthéacs, dearcadh nó idé-eolaíocht.<br>• Léirmhínithe a shuí laistigh de na comhthéacsanna inar cruthaíodh iad.<br>• Tuiscint a fháil ar léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí/próisis stairiúla chéanna.<br>• An chaoi le feidhm a bhaint as foinsí tánaisteacha chun tacú le maímh, dearbhuithe agus argóintí. | 1.9 A aithint go mbíonn léirmhínithe stairiúla páirteach, neamhiomlán agus sealadach agus go mbaineann suntasacht stairiúil le heasnamh.<br>1.10 Cuntais thánaisteacha dhifriúla ar imeacht stairiúil faoi thrácht a chur i gcomparáid.<br>1.11 Smaoineamh ar na cúiseanna a dtagtar ar chinntí agus conclúidí difriúla i léirmhínithe stairiúla. |
| **Sintéis agus Cumarsáid**<br>• Freagairtí stuama ar fhiosrúchán stairiúil a fhorbairt.<br>• Smaointe a chur i láthair go héifeachtach.<br>• Tagairt a dhéanamh d'fhoinsí agus iad a lua. | 1.12 Machnamh a dhéanamh ar smaointe a eascraíonn as anailís stairiúil agus na smaointe sin a shintéisiú.<br>1.13 Breithiúnais agus argóintí fianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile ach úsáid a bhaint as an ábhar bunaidh a ndearna siad iniúchadh air.<br>1.14 Foinsí a admháil ach úsáid a bhaint as gnásanna cuí maidir le foinsí a lua.<br>1.15 Argóintí tomhaiste a chur in iúl mar fhreagairt ar fhiosrúchán stairiúil agus iad a roinnt lena gcomhscoláirí. |

## Snáithe 2: Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil

Tá Snáithe 2 dírithe ar na scoláirí a bheith ag forbairt tuiscint ar an ról lárnach atá ag fianaise le linn breithiúnais stairiúla a chinneadh. Tá an snáithe eagraithe sa chaoi go mbíonn na scoláirí ag gabháil do raon fiosrúchán stairiúil arna leagan síos agus ag déanamh fiosrú orthu, bunaithe ar eipeasóidí, imeachtaí, próisis, saincheisteanna, téamaí nó pearsantachtaí móra arna dtarraingt ó réanna éagsúla den am atá thart, agus béim á leagan ar cháipéisí. Eagraítear na téamaí do na fiosrúcháin faoi cheithre cheannteideal théamacha. Tá na ceannteidil théamacha deartha lena chinntiú go dtagann na scoláirí roimh éagsúlacht an ama atá thart ó dhearcthaí éagsúla, nó trí lionsaí éagsúla. Leis an rogha téamaí le haghaidh fiosrúchán, tabharfar deis do na scoláirí dul i ngleic le héagsúlacht an ama atá thart ó thaobh ré agus áite de, ar fud na gcéadta bliain agus roinnt mhaith suíomhanna. Beidh cothromaíocht sna fiosrúcháin sin idir Éire agus an domhan.

Tá na feiniméin a bhfuil staidéar le déanamh orthu leagtha amach mar fhiosrúcháin stairiúla dhírithe bunaithe ar fhianaise. Tá rannpháirteachas criticiúil le raon cineálacha difriúla fianaise lárnach don fhiosrúchán. Tríd an rannpháirteachas sin, déantar scileanna iniúchta agus tuiscint stairiúil na scoláirí a neartú agus cuirtear ar a gcumas na scileanna coincheapúla agus anailíse a fhorbraíonn siad trí na torthaí foghlama i Snáithe 1 a chur i bhfeidhm. Is mar a leanas atá na ceithre cheannteideal théamacha:

- Gluaiseachtaí ar son an athraithe
- Impireachtaí agus ríochtaí
- Cumhacht agus coinbhleacht
- Daoine, an comhshaol agus an tsláinte.

Leagfar síos fiosrúcháin dhifriúla i ngach timthriall faoi na ceannteidil théamacha sin. Nuair a shainaithníonn na scoláirí na téamaí sin, tugtar deis dóibh fiosrú a dhéanamh ar nádúr agus tábhacht feiniméan stairiúil éagsúil, bunaithe ar cheisteanna a chuirtear i leith fianaise, agus iad ag breathnú orthu ó dhearcthaí éagsúla, suite i dtréimhsí ama agus suíomhanna geografacha éagsúla, rud a thacaíonn lena dtuiscint ar mhórphictiúr na staire agus a chuireann a gcomhfhiosacht faoin stair chun feabhais.

Beidh an rogha fiosrúchán sa snáithe seo bainteach le stair na hÉireann agus an domhain araon i gcaitheamh achar leathan ama lena bhféadfar tréimhsí na luath-mheánaoise agus na meánaoise déanaí, na nua-aoise luaithe, agus an 19ú agus an 20ú haois a chuimsiú. Ní bheidh

aon fhorluí sonrach idir aon fhiosrúchán a leagfar síos do rogha an 20ú haois agus an t-inneachar ó Shnáithe 3 nó Snáithe 4.

Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Óige an méid is ábhar do na fiosrúcháin sin a leagan síos agus a fhoilsiú ar bhonn rialta.

**Tabharfaidh na scoláirí faoi na torthaí foghlama uile a liostaítear le haghaidh Shnáithe 2 agus iad ag gabháil do gach ceann na fiosrúcháin a leagtar síos.**

**Snáithe 2 - Torthaí Foghlama**

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Taighde a dhéanamh ach dul i ngleic leis an ábhar bunaidh mar atá liostaithe sna fiosrúcháin a leagtar síos faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>• Gluaiseachtaí ar son an Athraithe<br>• Impireachtaí agus Ríochtaí<br>• Cumhacht agus Coinbhleacht<br>• Daoine, an Comhshaol agus an tSláinte<br><br>(Is féidir teacht ar rogha shamplach d'fhiosrúcháin ainmnithe agus cineálacha foinsí in Aguisín 1.) | 2.1 Straitéisí a fhorbairt chun rochtain a fháil ar théacsanna nach bhfuil cur amach acu orthu.<br><br>2.2 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar rannchuidigh daoine aonair agus grúpaí le hathrú a dhéanamh.<br><br>2.3 Na himeachtaí atá i gceist a chur i gcomhthéacs trí smaointe agus creidimh a bhí i réim ag an am.<br><br>2.4 Ábharthacht an ábhair bunaidh maidir leis an bhfiosrúchán faoi thrácht a mheas.<br><br>2.5 Fiosrú a dhéanamh ar an gcomhthéacs inar cruthaíodh an t-ábhar bunaidh.<br><br>2.6 Ábhar bunaidh a mheas ach úsáid a bhaint as teicnící anailíse cáipéisí.<br><br>2.7 Léirmhínithe difriúla ar na himeachtaí sin i scríobh na staire a fhiosrú.<br><br>2.8 Faisnéis ábhartha agus príomhphointí laistigh d'ábhar bunaidh stairiúil a shainaithint.<br><br>2.9 Cáipéisí stairiúla a phlé i gcomhthéacs na foghlama faoin bhfiosrúchán seo agus i ndáil le tuiscint 'mórphictiúir' ar an am atá thart. |

| | |
|---|---|
| | 2.10 Dúshláin maidir le teacht ar ábhar bunaidh a bhaineann leis an bhfiosrúchán a bhfuil staidéar á dhéanamh air a shainaithint.<br><br>2.11 Fiosrú a dhéanamh ar chuntais agus léirmhínithe éagsúla, iomadúla agus a bhfuil codarsnacht nó neamhréir eatarthu ar an am atá thart. |

## Forbhreathnú ar na snáitheanna comhthéacsúla – Snáithe 3: Éire 1879–2009 agus Snáithe 4: An Domhan 1917–2009.

Dírítear Snáitheanna 3 agus 4 ar stair na hÉireann (Snáithe 3) agus ar an domhan (Snáithe 4). Leagtar amach raon torthaí foghlama sna snáitheanna a rachaidh na scoláirí uile i ngleic leo. I gcás stair na hÉireann, eagraítear Snáithe 3 laistigh den achar ama 1879 go 2009. Aithníonn an t-achar ama sin an lárnacht ar leith a bhain le forbairtí stairiúla ag deireadh an 19ú haois, sa 20ú haois agus ag tús an 21ú haois agus Éire an lae inniu á múnlú mar aon leis an oidhreacht stairiúil a fágadh leis na scoláirí. I gcás stair an domhain, eagraítear Snáithe 4 laistigh den achar ama 1917 go 2009. Ar an mbealach céanna le Snáithe 3, aithníonn na hamlínte sin príomhacht imeachtaí agus próiseas stairiúil idirnáisiúnta áirithe i dtaobh forbairtí domhanda a mhúnlú agus domhan an lae inniu a chruthú, agus cuireann siad eolas ar fáil faoi éabhlóid na hÉireann agus a háit sa domhan san am céanna.

Tá an comhthéacs stairiúil a fhiosróidh na scoláirí chun an fhoghlaim inmhianaithe a bhaint amach leagtha amach i dtrí cinn de Réimsí Sonraithe Foghlama, agus eagraítear i dtaca le paraiméadair dátaí iad. Díreoidh na scoláirí ar cheann de na trí Réimse Shonraithe Foghlama sin i ngach snáithe. Tá siad eagraithe mar a leanas:

*Tábla 3: Réimsí sonraithe na foghlama – paraiméadair ama*

| Snáitheanna | Réimsí Sonraithe na Foghlama | | |
|---|---|---|---|
| **Éire** | Rogha 1: 1879–1918 | Rogha 2: 1919–1966 | Rogha 3: 1966–2009 |
| **An Domhan** | Rogha 1: 1917–1945 | Rogha 2: 1945–1979 | Rogha 3: 1979–2009 |

Le sonrú na dtrí Réimse Shonraithe Foghlama sin i ngach snáithe, aithnítear go bhfágann nádúr na staire nach féidir staidéar a dhéanamh ar gach uile fhorbairt lena mbaineann

tábhacht. Dá bhrí sin, chun tacú leis na scoláirí dul i mbun fiosrú bríoch, meáite agus críochnúil ar an stair, ní mór ligean dóibh staidéar speisialaithe a dhéanamh ar thréimhse ar leith, inar féidir dul le foghlaim ar fheiniméin lena mbaineann tábhacht stairiúil agus ceisteanna a chur ina leith ó dhearcthaí difriúla. Tá sé beartaithe freisin, agus na scoláirí ag dul i ngleic leis na dearcthaí sin, go mbeidh siad in ann cuimhneamh ar thaithí saoil gnáthdhaoine ó chúlraí éagsúla nár chualathas a nguthanna agus a scéalta riamh nó ar beag suntas atá leo in insintí traidisiúnta ar an am atá thart. Tá sé beartaithe ní hamháin go gcuirfidh an fiosrú dírithe sin ar thréimhse ar leith le heolas na scoláirí ar shonraí agus feiniméin stairiúla, ach go neartóidh sé a gcomhfhiosacht faoin stair agus go dtacóidh sé leo agus iad ag cur lena gcuid eolais agus tuisceana ina saol amach anseo tar éis eispéireas na scoile.

Ba cheart do na scoláirí na scileanna, na hinniúlachtaí agus na meonta a bhfuil cur síos orthu i Snáithe 1 a chur i bhfeidhm agus iad ag dul i ngleic leis na snáitheanna seo tríd an bhfiosrú agus an anailís a dhéanann siad ar cháipéisí agus foinsí ón tráth sin agus léargas criticiúil ar ábhair bhunaidh thánaisteacha.

## Snáithe 3: Éire 1879–2009

Sa cholún ar thaobh na láimhe deise, leagtar amach na torthaí foghlama do na scoláirí uile. Sa cholún ar thaobh na láimhe clé, leagtar amach na réimsí a bhfoghlaimíonn na scoláirí fúthu. Leagtar amach go mion in Aguisín 2 an méid a fhoghlaimíonn na scoláirí laistigh de gach Réimse Sonraithe Foghlama i Snáithe 3.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Stair na hÉireann trí fhiosrúchán stairiúil faoi na ceannteidil seo a leanas i réimse sonraithe foghlama arna roghnú:<br><br>• Imeachtaí agus próisis an athraithe<br>• Taithí saoil agus guthanna faoi cheilt<br>• Sochaí agus cultúr<br>• Smaointe agus eagraíochtaí<br>• An geilleagar.<br><br>(Féach réimsí sonraithe na foghlama in Aguisín 2.) | 3.1 Cur síos a dhéanamh ar imeachtaí nó próisis an athraithe a shonraítear sa tréimhse ama seo.<br><br>3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus iarmhairtí na n-imeachtaí agus na bpróiseas sin.<br><br>3.3 Iniúchadh a dhéanamh ar na díospóireachtaí maidir leis na conarthaí, comhaontuithe lonnaíochta agus an reachtaíocht ainmnithe, agus na hiarmhairtí a bhain leo. |

| | |
|---|---|
| | 3.4 Measúnú a dhéanamh ar ról daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí in imeachtaí nó próisis an athraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>3.5 Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhí le coinbhleacht shonraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>3.6 Cur síos a dhéanamh ar na struchtúir chumhachta a bhí ag athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>3.7 Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar caitheadh le mionlaigh sa tréimhse ama seo.<br><br>3.8 Fiosrú a dhéanamh ar thaithí saoil na ndaoine sa tréimhse ama seo ó dhearcthaí éagsúla.<br><br>3.9 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh cúinsí eacnamaíocha, cultúrtha nó sóisialta ábhartha i bhfeidhm ar na himeachtaí agus na próisis.<br><br>3.10 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh smaointe sonraithe i bhfeidhm ar an tsochaí sa tréimhse ama seo.<br><br>3.11 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh mná i mbun oibre agus ar bhain stádas socheacnamaíoch athraitheach dóibh sa tréimhse ama seo.<br><br>3.12. Anailís a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir spórt agus sochaí sa tréimhse ama seo.<br><br>3.13 Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí cultúrtha ar noirm |

| | |
|---|---|
| | agus luachanna a bhí ag athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>3.14 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn imeachtaí agus/nó saincheisteanna ar an leibhéal domhanda ina léiriú ar na cinn siúd a bhíonn ann ar an leibhéal náisiúnta/áitiúil. |

## Snáithe 4: An Domhan 1917–2009

Sa cholún ar thaobh na láimhe deise, leagtar amach na torthaí foghlama do na scoláirí uile. Sa cholún ar thaobh na láimhe clé, leagtar amach na réimsí a bhfoghlaimíonn na scoláirí fúthu. Leagtar amach go mion in Aguisín 3 an méid a fhoghlaimíonn na scoláirí laistigh de gach Réimse Sonraithe Foghlama i Snáithe 4.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Stair an domhain trí fhiosrúchán stairiúil faoi na ceannteidil seo a leanas i réimse sonraithe foghlama arna roghnú:<br><br>• Imeachtaí agus próisis an athraithe<br>• Sochaí agus cultúr<br>• Teicneolaíocht agus an comhshaol<br>• An geilleagar<br>• Smaointe<br>• Eagraíochtaí<br><br>(féach Réimse Sonraithe na Foghlama in Aguisín 3) | 4.1 Cur síos a dhéanamh ar imeachtaí nó próisis an athraithe a shonraítear sa tréimhse ama seo.<br><br>4.2 Iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí atá leis na himeachtaí agus na próisis sin.<br><br>4.3 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag conarthaí agus comhaontuithe Ionnaíochta ar imeachtaí a thit amach dá éis sin.<br><br>4.4 Measúnú a dhéanamh ar ról daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí in imeachtaí nó próisis an athraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>4.5 Comparáid a dhéanamh idir iarmhairtí difriúla ar imeachtaí comhchosúla.<br><br>4.6 Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhí le coinbhleacht shonraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>4.7 Comparáid a dhéanamh ar an gcaoi a raibh córais rialtais chomhchosúla le sonrú i gcomhthéacsanna difriúla sa tréimhse ama chéanna. |

| | |
|---|---|
| | 4.8 Fiosrú a dhéanamh ar thaithí saoil na ndaoine sa tréimhse ama seo ó dhearcthaí éagsúla.<br><br>4.9 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh cúinsí eacnamaíocha, cultúrtha nó sóisialta ábhartha i bhfeidhm ar na himeachtaí agus na próisis.<br><br>4.10 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh smaointe sonraithe i bhfeidhm ar an athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>4.11 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh mná i mbun oibre agus ar bhain stádas socheacnamaíoch athraitheach dóibh sa tréimhse ama seo.<br><br>4.12 Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí cultúrtha ar noirm agus luachanna a bhí ag athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>4.13 Fiosrú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí teicneolaíochta ar an tsochaí, ar an gcogaíocht agus ar an gcomhshaol sa tréimhse ama seo.<br><br>4.14 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn imeachtaí agus/nó saincheisteanna ar an leibhéal domhanda ina léiriú ar na cinn siúd a bhíonn ann ar an leibhéal áitiúil. |

## Teagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí

Tá Stair na hArdteistiméireachta scoláire-lárnaithe agus cuireann sí le heispéiris rannpháirteachas na scoláirí ar leibhéal na sraithe sóisearaí. Tá an fhoghlaim i Snáithe 1 – Fiosrúchán Stairiúil mar bhonn fúithi. Dá bhrí sin, pleanálfar go cúramach eolas, scileanna, luachanna agus meonta an disciplín a dtugtar breac-chuntas orthu sna torthaí foghlama i Snáithe 1 agus déanfar iad a chomhtháthú in eispéireas foghlama na scoláirí i Snáitheanna 2, 3 agus 4.

Cruthaíonn Snáithe 1 deis le haghaidh raon leathan de chuir chuige foghlama agus theagaisc. Trí na hoideolaíochtaí sin, tacófar leis na scoláirí tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an gcomhfhiosacht faoin stair agus beidh siad in ann a machnamh a dhéanamh ar phríomhchoincheapa stairiúla agus iad a chur i bhfeidhm, ceisteanna ábhartha a chur, foinsí agus fianaise chuí a scrúdú agus a léirmhíniú, lena n-áirítear cáipéisí, grianghraif, déantúsáin, léarscáileanna, amlínte agus sonraí staidrimh, agus breithiúnais faoin am atá thart a cheapadh agus a chur i láthair.

Bainfear úsáid ar fud na sonraíochta as cuir chuige foghlama agus theagaisc a thacóidh leis na scoláirí chun fiosrúcháin stairiúla a phleanáil, a chur i gcrích, a anailísiú, a shintéisiú, a mheas agus a chur in iúl. Trí chomhtháthú éifeachtach na foghlama sin agus tús áite a thabhairt don fhoghlaim trí scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí príomhúla agus tánaisteacha agus gníomhaíochtaí bunaithe ar iniúchadh, beidh deiseanna ag na scoláirí eolas coincheapúil agus disciplíneach a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna stairiúla sa saol réadúil. Dá réir sin, trí na heispéiris phraiticiúla sin, éireoidh coincheapa teibí níos infheicthe, agus neartóidh na scoláirí a gcumas chun smaointeoireacht agus scileanna stairiúla a úsáid agus iad ag smaoineamh ar imeachtaí stairiúla agus próisis, cúiseanna, iarmhairtí agus léirmhínithe.

Le cois chomhtháthú na dtorthaí foghlama i Snáithe 1, tá naisc i ngach ceann de na trí shnáithe eile agus eatarthu freisin. Ach béim a leagan ar fhoghlaim ghníomhach agus iniúchtaí bunaithe ar fhoinsí i gcomhthéacsanna stairiúla áitiúla agus domhanda, tacófar le rannpháirteachas na scoláirí i bhfoghlaim stairiúil bhríoch dhinimiciúil. Déanfaidh na scoláirí fiosrú ar éagsúlacht staid an duine agus thaithí an duine trí fhiosrú a dhéanamh ar chomhthéacsanna cultúrtha éagsúla, agus ar shuíomhanna éagsúla, in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain, i gcaitheamh réanna éagsúla. Fiosróidh siad freisin eispéiris na ndaoine siúd a bhfuil a nguthanna imeallaithe agus faoi cheilt sna hinsintí stairiúla traidisiúnta. Trí úsáid a bhaint as réimse uirlisí agus acmhainní stairiúla, lena n-áirítear cartlanna digiteacha,

cuairteanna físiúla agus cuairteanna fisiciúla, déanfar an fhoghlaim i Stair na hArdteistiméireachta níos inrochtana agus níos tarraingtí.

Spreagfar na scoláirí le dul i mbun smaointeoireacht stairiúil agus fianaise a scrúdú trí lionsa an staraí. Is éard atá i gceist leis sin ná na smaointe a thagann chun cinn sna hiniúchtaí a léirmhíniú ach úsáid a bhaint as réimse modheolaíochtaí, ar modheolaíochtaí iad sin a fhágann gur féidir fiosrú láidir agus cothrom a dhéanamh ar an bhfianaise agus an cruthúnas atá ann cheana. Tabharfar treoir do na scoláirí sna modheolaíochtaí sin le linn dóibh a bheith ag plé le Snáithe 1 agus ansin beidh siad in ann na scileanna sin a chleachtadh agus a léirmhíniú ar fud Shnáitheanna 2, 3 agus 4. Nuair a chuirtear an fhoghlaim ó Shnáithe 1 i bhfeidhm sna comhthéacsanna a fhiosraíonn siad i snáitheanna eile, tacófar leis na scoláirí tuiscint 'mórphictiúir' níos casta agus níos láidre a chothú ar an am atá thart.

Beidh cleachtais chomhoibríocha sa seomra ranga ina bpríomhuirlis foghlama do na scoláirí i Stair na hArdteistiméireachta. Agus na scoláirí ag obair in éindí, is féidir leo smaointe agus cleachtais a fhiosrú agus a chomhroinnt d'fhonn na smaointe a dtagann siad orthu i rith a gcuid iniúchtaí a léirmhíniú agus a thuiscint. Tacófar leo rochtain a fháil ar a gcuid foghlama ar bhealach a oireann dá riachtanais éagsúla ar leith. Beidh éileamh difriúil le sonrú i ngach gníomhaíocht foghlama toisc go mbíonn smaointe difriúla agus tuiscint stairiúil dhifriúil ag gach scoláire. Déanfar ionchuimsitheacht a chothú ach idirdhealú a chur i bhfeidhm, chomh maith le cleachtais ionchuimsitheacha éagsúla múinteoirí, agus luas agus seicheamhú an rannpháirteachais. Beidh aiseolas leanúnach agus cuiditheach ón múinteoir, chomh maith le deiseanna struchtúrtha chun machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim, fite fuaite sa phróiseas foghlama sin. Ba cheart cur agus cúiteamh agus díospóireacht a bheith ina gcuid lárnach de na hoideolaíochtaí gníomhacha i seomra ranga na staire. Ba cheart do na scoláirí foinsí agus insintí a cheistiú, agus ba cheart meon fiosrach a chothú.

Cuireann Stair na hArdteistiméireachta eispéireas foghlama saibhir, ionchuimsitheach agus scoláire-lárnaithe ar fáil. Ní hamháin go dtacaíonn sí le fás trí chuir chuige chomhoibríocha, idirdhealaithe agus ionchuimsitheacha i leith an teagaisc, ach freisin spreagann sí ceangal domhain bríoch leis an stair a bhfuil teacht ag na scoláirí uile air. Tríd an gcur chuige dinimiciúil machnamhach sin, bíonn na scoláirí dea-ullmhaithe chun plé leanúnach na staire a thuiscint, a léirmhíniú agus chun cur leis i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda araon, agus le breathnú ar an stair mar rud atá idir ábhartha agus phráinneach sa domhan ina maireann siad inniu.

## Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú do na scoláirí trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis do mhúinteoirí agus do scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a bhfuil Tuairisc Staidéir Taighde i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bunófar Tuairisc an Staidéir Taighde ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

I gcás an scrúdaithe scríofa, déanfar Stair na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 4). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh na scoláirí foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do scoláirí atá ag dul i mbun an scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

*Tábla 4: Forbhreathnú ar an measúnú don teistiúchán*

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tuairisc an Staidéir Taighde | 40% | Treoir chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

## Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Tuairisc an Staidéir Taighde

Tá smaoineamh go criticiúil agus fadhbanna a réiteach ar cheann de na príomhinniúlachtaí atá lárnach d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Tabharfaidh scoláirí Stair na hArdteistiméireachta faoi staidéar taighde arb é a bheidh mar thoradh air ná tuairisc lena gcuirfear deis ar fáil dóibh léiriú a thabhairt ar a gcuid foghlama i rith an chúrsa ach, go háirithe, tríd an bhfoghlaim mar atá leagtha amach sna torthaí foghlama i Snáithe 1: Fiosrúchán Stairiúil.

Agus na scoláirí ag dul le próiseas an fhiosrúcháin i dtuairisc staidéir taighde, cuirfear am agus spás ar fáil dóibh le heolas a chur ar phróiseas an taighde. Déanfaidh na scoláirí a gcuid smaointe a choincheapú mar fhreagairt ar threoir; chun machnamh a dhéanamh ar a gceisteanna taighde agus iad a fhorbairt; tábhacht stairiúil a dtopaice a dhéanamh amach; a gcuid foinsí a shainaithint agus a thiomsú; cuimhneamh ar an gcomhthéacs stairiúil; a gcuid foinsí a chros-seiceáil chun pictiúr fianaisebhunaithe ar a bhfiosrúchán stairiúil a fhorbairt; a gcuid smaointe a shintéisiú agus a chur in iúl; agus a machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas. Beidh an deis ag na scoláirí na príomhinniúlachtaí a d'fhorbair siad a chur i bhfeidhm trí bheith ag plé le Stair na hArdteistiméireachta, amhail a bheith cruthaitheach agus a bheith ag smaoineamh go criticiúil agus a bheith ag réiteach fadhbanna, an fhoghlaim a bhainistiú chomh maith leis an bhféinfhoghlaim, agus cumarsáid a dhéanamh le linn dóibh a bheith rannpháirteach sa chomhpháirt seo.

Forbróidh na scoláirí píosa taighde stairiúil aonair mar fhreagairt ar threoir chomónta. Tá coinne leis go gcoinneoidh na scoláirí fianaise ar a bpróiseas taighde (dréachtaí, nótaí, srl.) de réir mar a fhorbraíonn siad a dtuairisc staidéir taighde. Na scileanna a fhorbraíonn na scoláirí de réir mar a théann siad i ngleic leis an tsonraíocht, déanfar iad a chomhtháthú sa tuairisc thaighde. Beidh coinne leis go mbaileoidh na scoláirí fianaise ar a dtopaic roghnaithe agus go bhforbróidh siad ceist taighde a thacaíonn le tábhacht stairiúil na topaice sin. Aimseoidh agus tiomsóidh siad foinsí príomhúla agus tánaisteacha indeimhnithe éagsúla agus déanfaidh siad

anailís agus meastóireacht ar na foinsí sin ach úsáid a bhaint as scileanna ceistiúcháin a d'fhorbair siad le linn dóibh a bheith ag gabháil don tsonraíocht. Léireoidh siad tuiscint ar na léirmhínithe difriúla ar an ábhar a úsáideadh agus ar an gcaoi a dtagtar ar thorthaí agus tátail dhifriúla scaití. Ar deireadh, déanfaidh siad machnamh agus sintéisiú ar a gcuid smaointe agus cuirfidh siad freagairt fhianaisebhunaithe ar a gceist taighde le chéile, agus é á chinntiú go luann siad i gceart an t-ábhar bunaidh cuí uile a úsáideann siad. Tá sé i gceist go nglacfaidh an staidéar taighde thart ar 20 uair an chloig le linn na tréimhse seo.

Cuirfear an tuairisc dheiridh mar fhreagairt ar an treoir faoi bhráid CSS sa séú bliain.

Le cáipéis ar leithligh, Treoirlínte chun Tacú le Tuairisc an Staidéir Taighde, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur i bhfeidhm agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi.

## Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach i dTuairisc an Staidéir Taighde. Go háirithe, éilíonn tuairisc an staidéir taighde go ndéanfaidh na scoláirí an méid seo a leanas:

- Fianaise a bhailiú
- Anailís
- Léirmhíniú
- Argóintí a shintéisiú agus a chur in iúl.

*Tábla 5: Tuairisceoirí cáilíochta: Tuairisc an Staidéir Taighde*

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Fianaise a Bhailiú | Ceapfaidh siad ceist taighde láidir a thacaíonn le tábhacht stairiúil na topaice.<br><br>Aimseoidh agus tiomsóidh siad ábhair bhainteacha, lena n-áirítear foinsí príomhúla.<br><br>Úsáidfidh siad réimse éagsúil fianaise chun an comhthéacs stairiúil a iniúchadh. | Ceapfaidh siad ceist taighde a thugann breac-chuntas ar thábhacht stairiúil na topaice.<br><br>Aimseoidh agus tiomsóidh siad ábhair, lena n-áirítear foinsí príomhúla.<br><br>Beidh réimse áirithe fianaise acu chun an comhthéacs stairiúil a iniúchadh. | Forbróidh siad ceist taighde.<br><br>Sainaithneoidh siad roinnt ábhair bhunaidh.<br><br>Beidh raon beag fianaise acu chun an comhthéacs stairiúil a iniúchadh. |
| Anailís | Déanfaidh siad anailís agus meastóireacht chríochnúil ar na foinsí a úsáidtear ina mionstaidéar.<br><br>Úsáidfidh siad scileanna | Déanfaidh siad anailís agus meastóireacht ar na foinsí a úsáidtear ina mionstaidéar.<br><br>Úsáidfidh siad scileanna ceistiúcháin stairiúil | Déanfaidh siad anailís agus meastóireacht go pointe áirithe ar mhéid beag foinsí ina mionstaidéar.<br><br>Beidh scileanna ceistiúcháin stairiúil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ceistiúcháin stairiúil soiléire san anailís ar an bhfianaise a úsáideann siad. | áirithe san anailís ar an bhfianaise a úsáideann siad. | teoranta acu san anailís ar an bhfianaise a úsáideann siad. |
| Léirmhíniú | Léireoidh siad tuiscint shoiléir ar léirmhíniú stairiúil mar léirmhíniú páirteach agus neamhiomlán.<br><br>Taispeánfaidh siad fiosrú domhain ar chuntais agus léirmhínithe éagsúla agus iomadúla a bhfuil codarsnacht nó neamhréir eatarthu ar an am atá thart.<br><br>Smaoineoidh siad go cuimsitheach ar chúiseanna éagsúla a dtagtar ar chinntí agus conclúidí difriúla. | Léireoidh siad tuiscint ar léirmhíniú stairiúil mar léirmhíniú páirteach agus neamhiomlán.<br><br>Taispeánfaidh siad téagar áirithe san fhiosrú ar chuntais agus léirmhínithe éagsúla agus a bhfuil codarsnacht nó neamhréir eatarthu ar an am atá thart.<br><br>Smaoineoidh siad ar chúiseanna éagsúla a dtagtar ar chinntí agus conclúidí difriúla. | Beidh feasacht áirithe acu ar léirmhíniú stairiúil mar léirmhíniú neamhiomlán.<br><br>Taispeánfaidh siad eolas bunúsach ar chuntais agus léirmhíniú a bhfuil codarsnacht nó neamhréir eatarthu ar an am atá thart.<br><br>Taispeánfaidh siad roinnt cúiseanna a dtagtar ar chinntí agus conclúidí difriúla. |
| Sintéis agus cumarsáid | Déanfaidh siad machnamh cuimsitheach ar smaointe a eascraíonn as a n-anailís agus na smaointe sin a shintéisiú.<br><br>Cuirfidh siad insintí, breithiúnais agus argóintí fianaisebhunaithe áititheacha le chéile ón ábhar bunaidh luaite ar a bhfuil iniúchadh á dhéanamh.<br><br>Cuirfidh siad gnásanna cuí maidir | Déanfaidh siad machnamh ar smaointe a eascraíonn as a n-anailís agus na smaointe sin a shintéisiú.<br><br>Cuirfidh siad roinnt insintí, breithiúnais agus argóintí fianaisebhunaithe le chéile ón ábhar bunaidh luaite ar a bhfuil iniúchadh á dhéanamh.<br><br>Cuirfidh siad gnásanna cuí maidir le foinsí a lua i bhfeidhm. | Déanfaidh siad machnamh ar smaointe a eascraíonn as a n-anailís.<br><br>Cuirfidh siad insintí, breithiúnais agus argóintí le chéile ón ábhar bunaidh luaite ar a bhfuil iniúchadh á dhéanamh.<br><br>Cuirfidh siad roinnt gnásanna maidir le foinsí a lua i bhfeidhm. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | le foinsí a lua i bhfeidhm go cruinn.<br><br>Cuirfidh siad argóintí tomhaiste in iúl go soiléir mar fhreagairt ar a bhfiosrúchán. | Cuirfidh siad argóintí tomhaiste in iúl mar fhreagairt ar a bhfiosrúchán. | Tabharfaidh siad breac-chuntas ar roinnt argóintí mar fhreagairt ar a bhfiosrúchán. |

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- An fhoghlaim ar a ndéantar cur síos ar fud na gceithre shnáithe den tsonraíocht
- Cur i bhfeidhm na scileanna maidir le fiosrúchán stairiúil ar fhianaise cháipéiseach
- Dul i ngleic leis na fiosrúcháin stairiúla atá leagtha síos, arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige
- Dul i ngleic le réimsí sonraithe na foghlama do na roghanna a ndéantar staidéar orthu agus a bhfuil mionsonraí orthu in aguisíní 2 agus 3 le haghaidh shnáitheanna 3 agus 4.

## Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo do Stair na hArdteistiméireachta go dtugann na scoláirí aghaidh ar nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad atá ar fáil é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í mar chuid den mheasúnú don teistiúchán i Stair na hArdteistiméireachta. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú le scoláirí a mbeadh deacracht acu an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas acu a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn do scoláirí a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe. Mar sin féin, ní féidir cuid de na réimsí foghlama i sonraíocht ábhair a tharscaoileadh toisc go bhfuil siad lárnach don tsonraíocht ábhair.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula gcinneann na scoláirí staidéar a dhéanamh ar Stair na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh siad in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a fhágann nach mbeidís in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach acu, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Stair na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádaithe 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

*Tábla 6: Grádú na hArdteistiméireachta*

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 - 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

# Aguisíní

## Aguisín 1: Topaicí ainmnithe samplacha i Snáithe 2

Samplaí de na cineál fiosrúchán a bhfuil staidéar le déanamh ag na scoláirí orthu i Snáithe 2. (Foilseoidh an Roinn Oideachais agus Óige na fiosrúcháin deiridh a leagfar síos agus na naisc chuig foinsí roimh chur i bhfeidhm.)

| Fiosrúchán agus Léirmhíniú Criticiúil | Sampla 1 | Cineálacha Foinsí |
|---|---|---|
| Gluaiseachtaí ar son an Athraithe | Deireadh le Apartheid | Tuarascálacha rialtais, cáipéisí oifigiúla, taifid, ailt nuachtáin, fianaise ghrianghrafadóireachta, foinsí closamhairc, fianaise finné súl, déantúsáin ón tráth sin, dialanna pearsanta, comhfhreagras, cartúin, srl. |
| Impireachtaí agus Ríochtaí | Na Lochlannaigh in Éirinn | |
| Cumhacht agus Coinbhleacht | Iompar daoine faoi dhaoirse | |
| Daoine, an Comhshaol agus an tSláinte | Tuairisciú ar an nGorta Mór | |

## Aguisín 2: Réimsí Sonraithe na Foghlama – Éire 1879–2009

| | **Rogha 1:**<br>**1879–1918** | **Rogha 2:**<br>**1919–1966** | **Rogha 3:**<br>**1966–2009** | **Torthaí Foghlama** |
|---|---|---|---|---|
| **Imeachtaí agus Próisis an Athraithe** | Ceist na talún 1879-1909<br><br>Rialtas Dúchais agus Aontachtas<br><br>Gluaiseachtaí polaitíochta nua – fíornáisiúnachas agus an Ghluaiseacht lucht oibre<br><br>Comharthaí den fhéiniúlacht chultúrtha: CLG, Conradh na Gaeilge, Athbheochan na Litríochta Angla-Éireannaí, Orduithe Dílseachta<br><br>Scoilteanna polaitíochta agus paraimíleatachas: 1912–1918: Polaitíocht Aontachtach, an Tríú Bille Rialtais Dúchais, Conradh agus Cúnant Sollúnta, Óglaigh na hÉireann, Smuigléireacht Gunnaí, Éirí Amach 1916. Géarchéim | An Chéad Dáil<br><br>Cogadh na Saoirse<br><br>Críochdheighilt, an tAcht um Rialú na hÉireann, agus bunú Thuaisceart Éireann<br><br>Sos Cogaidh, Conradh agus bhunú Shaorstát Éireann<br><br>Cogadh na gCarad<br><br>Coimisiún na Teorann<br><br>Forbairt páirtithe polaitíochta, Thuaidh agus Theas<br><br>Reacht Westminster<br><br>Bunreacht na hÉireann 1937<br><br>An Dara Cogadh Domhanda in Éirinn, Thuaidh agus Theas<br><br>Fógairt na Poblachta. | Comóradh Thuaidh agus Theas in 1966<br><br>Na Trioblóidí chomh fada le Comhaontú Aoine an Chéasta<br><br>An Caidreamh Angla-Éireannach<br><br>Ballraíocht in CEE/CE/AE<br><br>Forbairt páirtithe polaitíochta, Thuaidh agus Theas<br><br>Reachtaíocht maidir leis an teaghlach, an tsláinte agus an fhostaíocht.<br><br>Tobchliseadh an gheilleagar in 2008 | 3.1 Cur síos a dhéanamh ar imeachtaí nó próisis an athraithe a shonraítear sa tréimhse ama seo.<br><br>3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus iarmhairtí na n-imeachtaí agus na bpróiseas sin.<br><br>3.3 Iniúchadh a dhéanamh ar na díospóireachtaí maidir leis na conarthaí, comhaontuithe lonnaíochta agus an reachtaíocht ainmnithe, agus na hiarmhairtí a bhain leo.<br><br>3.4 Measúnú a dhéanamh ar ról daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí in imeachtaí nó próisis an athraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>3.5 Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhí le coinbhleacht shonraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>3.6 Cur síos a dhéanamh ar na struchtúir |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | an Choinscríofa, Olltoghchán 1918.<br><br>Cruatan sóisialta agus Frithdhúnadh 1913 | Athrú ar an bpolaitíocht i dTuaisceart Éireann<br>Athrú ar an bpolaitíocht i bPoblacht na hÉireann | | chumhachta a bhí ag athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>3.7 Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris na mionlach sa tréimhse ama seo<br><br>3.8 Fiosrú a dhéanamh ar thaithí saoil na ndaoine sa tréimhse ama seo ó dhearcthaí éagsúla.<br><br>3.9 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh cúinsí eacnamaíocha, cultúrtha nó sóisialta ábhartha i bhfeidhm ar na himeachtaí agus na próisis.<br><br>3.10 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh smaointe sonraithe i bhfeidhm ar an tsochaí sa tréimhse ama seo. |
| **Taithí saoil agus guthanna faoi cheilt** | Mná san obair, sa pholaitíocht agus sa tsochaí<br><br>An chaoi ar caitheadh le hinimircigh, imircigh agus an Lucht Siúil agus eispéiris grúpaí reiligiúnacha ar oileán na hÉireann<br><br>Institiúidí an stáit agus na heaglaise: scoileanna saothair, tearmainn, príosúin, tithe Maigdiléana, agus árais máithreacha is leanaí | Mná san obair, sa pholaitíocht agus sa tsochaí<br><br>An chaoi ar caitheadh le hinimircigh, imircigh agus an Lucht Siúil, agus eispéiris mionlach reiligiúnach, Thuaidh agus Theas.<br><br>Institiúidí an stáit agus na heaglaise: scoileanna saothair, tearmainn, príosúin, tithe Maigdiléana, agus árais máithreacha is leanaí | Mná san obair, sa pholaitíocht agus sa tsochaí<br><br>An chaoi ar caitheadh le hinimircigh, imircigh agus an Lucht Siúil, agus eispéiris mionlach reiligiúnach, Thuaidh agus Theas.<br><br>Institiúidí an stáit agus na heaglaise: scoileanna saothair, tearmainn, príosúin, tithe Maigdiléana, agus árais máithreacha is leanaí | |
| **Sochaí agus Cultúr** | Dlí na mBocht agus Fóirithint ar Ghátar<br><br>Beartas sóisialta maidir le talamh agus tithíocht<br><br>Spórt agus sochaí<br><br>Teanga agus cultúr<br><br>Ról an reiligiúin sa tsochaí | Beartas sóisialta maidir le talamh agus tithíocht, Thuaidh agus Theas<br><br>Spórt agus sochaí<br><br>Teanga agus cultúr<br><br>Ról an reiligiúin sa tsochaí<br><br>Athruithe san oideachas, | Beartas sóisialta maidir le talamh agus tithíocht, Thuaidh agus Theas<br><br>Spórt agus sochaí<br><br>Tuaisceart Éireann tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta<br><br>Ról an reiligiúin sa tsochaí | 3.11 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh mná i mbun oibre agus ar bhain stádas socheacnamaíoch athraitheach dóibh sa tréimhse ama seo.<br><br>3.12. Anailís a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir spórt agus sochaí sa tréimhse ama seo. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Athruithe san oideachas | Thuaidh agus Theas | Teanga agus cultúr agus cultúr na n-óg<br>Athruithe san oideachas, Thuaidh agus Theas | 3.13 Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí cultúrtha ar na noirm agus luachanna a bhí i réim sa tréimhse ama seo.<br><br>3.14 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn imeachtaí agus/nó saincheisteanna ar an leibhéal domhanda ina léiriú ar na cinn siúd a bhíonn ann ar an leibhéal náisiúnta/áitiúil. |
| **Smaointe agus eagraíochtaí** | Náisiúnachas bunreachtúil, Poblachtachas, náisiúnachas cultúrtha, ceannas, aontachtas, dílseachas<br><br>Gluaiseachtaí lucht oibre<br><br>Ceart vótála do mhná<br><br>Eagraíocht poblachtacha/náisiúnacha<br><br>Eagraíochtaí aontachtacha/dílseacha<br><br>Gluaiseachtaí Talúntais<br><br>Smaointe reiligiúnacha agus creideamh<br><br>Seicteachas agus leithcheal agus frith-Sheimíteachas | Náisiúnachas bunreachtúil, Poblachtachas, Náisiúnachas cultúrtha, ceannas, aontachtas, dílseachas<br><br>Gluaiseachtaí lucht oibre<br><br>Gluaiseachtaí na mban<br><br>Eagraíocht poblachtacha/náisiúnacha<br><br>Eagraíochtaí aontachtacha/dílseacha<br><br>Smaointe reiligiúnacha agus creideamh<br><br>Leithcheal, seicteachas, frith-Sheimíteachas, cearta sibhialta, claonroinnt agus cinsireacht. | Náisiúnachas bunreachtúil, Poblachtachas, Náisiúnachas cultúrtha, ceannas, aontachtas, dílseachas<br>Gluaiseachtaí lucht oibre<br><br>Gluaiseachtaí na mban<br><br>Eagraíocht poblachtacha/náisiúnacha<br><br>Eagraíochtaí aontachtacha/dílseacha<br><br>Smaointe reiligiúnacha, creideamh agus dí-eaglaisiú<br><br>Cinsireacht, leithcheal, cearta sibhialta agus ciníochas | |
| **An Geilleagar** | Cearta talún agus athriar talúntais<br><br>Patrúin dhéimeagrafacha athraitheacha agus | Beartais eacnamaíocha, Thuaidh agus Theas<br><br>Cumhacht hidrileictreach na Sionainne agus bonneagar | Tionchar eacnamaíoch na ballraíochta in CEE<br><br>Patrúin aistreacha na talmhaíochta agus/nó an iascaigh | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | eisimirce<br><br>Tionsclú, Thuaidh agus Theas | náisiúnta athraitheach, lena n-áirítear leictriúchán<br><br>An Cogadh Eacnamaíoch agus caomhnaitheacht<br><br>Saorthrádáil, cómhargadh<br><br>An Stát Ieasa i dTuaisceart Éireann<br><br>Pleanáil eacnamaíoch sa Phoblacht | Infheistíocht Dhíreach Choigríche<br><br>Géarchéim ola agus géarchéimeanna fuinnimh, Thuaidh agus Theas<br><br>Forbairt thionsclaíoch agus cúlú eacnamaíochta, Thuaidh agus Theas<br>Fás agus loiceadh eacnamaíoch: ón Tíogar Ceilteach go tobchliseadh | |

## Aguisín 3: Réimsí Sonraithe na Foghlama: An Domhan 1917–2009

| | **Rogha 1:<br>1917–1945** | **Rogha 2:<br>1945–1979** | **Rogha 3:<br>1979–2009** | **Torthaí Foghlama** |
|---|---|---|---|---|
| **Imeachtaí agus Próisis an Athraithe** | An Réabhlóid Bhoilséiveach<br>Sos cogaidh agus Conradh Versailles<br><br>Ollsmachtachas: teacht chun cinn an fhaisisteachais, an chumannachais agus an tsóisialachais náisiúnta<br><br>Dara Cogadh na hIodáile-na hAibisíne<br><br>Cúiseanna tionscanta an Dara Cogadh Domhanda, | Atógáil agus ceartas tar éis an chogaidh: Yalta, Potsdam, Trialacha Nürnberg<br><br>Cumannachas i gcomhthéacsanna difriúla: APSS agus an tSín<br><br>Línte tosaigh an Chogaidh Fhuair, an Cuirtín Iarainn, Cúba agus Vítneam<br><br>Díchoilíniú: Gána agus an Ailgéir | An Cogadh Sóivéadach-Afganastánach<br><br>Parlaimint na hEorpa agus Conradh Maastricht<br><br>Teacht chun cinn an nuachoimeádachais sa Bhreatain<br><br>Titim Bhalla Bheirlín agus cliseadh an Aontais Shóivéadaigh<br><br>Three Mile Island, Searnóbail agus a drochiarmhairtí | 4.1 Cur síos a dhéanamh ar imeachtaí nó próisis an athraithe a shonraítear sa tréimhse ama seo.<br><br>4.2 Iniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna agus iarmhairtí na n-imeachtaí agus na bpróiseas sin.<br><br>4.3 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag conarthaí agus comhaontuithe lonnaíochta ar imeachtaí a thit amach dá éis sin.<br><br>4.4 Measúnú a dhéanamh ar ról daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí in imeachtaí nó próisis an athraithe sa tréimhse ama seo. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | imeachtaí cinniúnacha sa chogadh go Lá an Bhua ar an tSeapáin<br><br>An tUileloscadh | An Choinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín | 9/11 agus an Cogadh in éadan na Sceimhlitheoireachta | 4.5 Comparáid a dhéanamh idir iarmhairtí difriúla ar imeachtaí comhchosúla. |
| **Sochaí agus Cultúr** | Mná agus an obair sa tréimhse idir na cogaí agus in aimsir chogaidh<br><br>An Bhreatain agus APSS<br>Athbheochan Harlem<br><br>Géarleanúint grúpaí agus daoine aonair faoi réimis ollsmachtacha<br><br>Caidreamh idir ciníocha in SAM<br><br>Bolscaireacht agus cinsireacht | Mná san obair agus sa tsochaí in APSS agus sa tSín<br><br>An óige agus an frithchultúr sa Bhreatain<br><br>An Réabhlóid Chultúrtha sa tSín<br><br>Caidreamh idir ciníocha in SAM<br><br>Bolscaireacht agus cinsireacht | Mná san obair agus sa tsochaí in Oirthear agus Iarthar na Gearmáine<br><br>Luachanna cultúrtha tríd an gceol in SAM<br><br>Géarleanúint san Afganastáin<br><br>Caidreamh idir ciníocha in SAM<br><br>Bolscaireacht agus cinsireacht | 4.6 Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhí le coinbhleacht shonraithe sa tréimhse ama seo.<br><br>4.7 Comparáid a dhéanamh idir córais rialtais chomhchosúla a bhí le sonrú i gcomhthéacsanna difriúla sa tréimhse ama chéanna.<br><br>4.8 Fiosrú a dhéanamh ar thaithí saoil na ndaoine sa tréimhse ama seo ó dhearcthaí éagsúla.<br><br>4.9 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh cúinsí eacnamaíocha, cultúrtha nó sóisialta ábhartha i bhfeidhm ar na himeachtaí agus na próisis. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teicneolaíocht agus an Comhshaol** | Teicneolaíochtaí míleata<br><br>Cumarsáid<br><br>Fás na hola | Teicneolaíochtaí míleata: An Spásrás<br><br>Cumarsáid<br><br>Teacht chun cinn an chomhshaolachais | Teicneolaíochtaí míleata: Faireachas<br><br>Cumarsáid<br><br>Truailliú agus an ghéarchéim aeráide | 4.10 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh smaointe sonraithe i bhfeidhm ar an athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>4.11 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndeachaigh mná i mbun oibre agus ar bhain stádas socheacnamaíoch athraitheach dóibh sa tréimhse ama seo.<br><br>4.12 Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí cultúrtha ar noirm agus luachanna a bhí ag athrú sa tréimhse ama seo.<br><br>4.13 Fiosrú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí teicneolaíochta ar an tsochaí, ar an gcogaíocht agus ar an gcomhshaol sa tréimhse ama seo.<br><br>4.14 Fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn imeachtaí agus saincheisteanna ar an leibhéal domhanda ina léiriú ar na cinn siúd a bhíonn ann ar an leibhéal áitiúil. |
| **An Geilleagar** | Hipearbhoilsciú sa Ghearmáin<br><br>Tobchliseadh an Stocmhargaidh in 1929 agus an Spealadh Mór | Dúnghaois Truman agus Plean Marshall<br><br>Gluaiseachtaí i dtreo Aontacht Eacnamaíoch san Eoraip | Beartas eacnamaíoch nuachoimeádach sa Bhreatain agus in SAM<br><br>An tAontas Eacnamaíoch san Eoraip | |
| **Smaointe** | Féinchinntiúchán<br><br>Ciníochas, Darwineachas sóisialta agus frith-Sheimíteachas<br><br>Ceart vótála agus cearta do mhná | Féinchinntiúchán náisiúnta<br><br>Cearta an Duine i gcomhthéacs coilíneachais/iarchoilíneachais<br><br>Síochánachas, liobrálachas sóisialta, feimineachas | Nualiobrálachas agus nuachoimeádachas<br><br>Radacú,<br>Dí-eaglaisiú agus Soiscéalachas<br><br>Cearta an Duine<br><br>Comhshaolachas | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Eagraíochtaí** | Conradh na Náisiún | Na Náisiúin Aontaithe<br>An Eagraíocht um Aontas na hAfraice<br>Comhaontú Vársá<br>ECAT | NA, AE, ECAT | |

## Aguisín 4: Gluais de bhriathra gnímh

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Anailísigh | Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus faisnéis a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí. |
| Cuir i bhfeidhm | Úsáid a bhaint as imeachtaí, patrúin agus comhthéacsanna san am atá thart chun an t-am i láthair a thuiscint, agus an t-eolas sin a úsáid chun ceisteanna staire a fhreagairt agus bonn eolais a chur faoi ghníomhartha amach anseo. |
| Meas | An tábhacht nó tionchar a bhaineann le himeacht, smaoineamh nó foinse stairiúil a mheas, tar éis na buntáistí agus na míbhuntáistí a chur sa mheá, agus úsáid a bhaint as modhanna éagsúla chun meastóireacht stairiúil a mheas. |
| Tiomsaigh | Faisnéis stairiúil ó fhoinsí stairiúla difriúla a bhailiú, a chur i gcomparáid agus a mheas go criticiúil in ord loighciúil. |
| Cuir in iúl | Smaointe a chur in iúl go soiléir éifeachtach do spriocphobal, cibé acu i scríbhinn, ó bhéal, nó i bhfoirmeacha eile. |
| Déan comparáid | Cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) na difríochtaí idir dhá rud nó chás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd. |
| Déan do mheas | Do mhachnamh a dhéanamh ar gach gné de thopaic stairiúil go cúramach sula ndéanann tú breithiúnas. Imeacht, foinse nó smaoineamh a shuí laistigh dá chomhthéacs stairiúil chun tuiscint a fháil ar an mbrí atá leis. |
| Cuir le chéile | Argóint, míniú, nó léiriú a chruthú nó a fhorbairt bunaithe ar fhianaise. |
| Cuir i gcomhthéacs | Imeacht, foinse nó smaoineamh a shuí laistigh dá chomhthéacs stairiúil chun tuiscint a fháil ar an mbrí, na cúiseanna agus an tábhacht atá leis, agus chun claontaí nua-aimseartha a chosc. |
| Cuir síos | Mionsonraí maidir le topaic nó imeacht ar leith a thuairisciú. |
| Forbair | Smaoineamh nó coincheap a fhorbairt le haghaidh obair phleanáilte. |
| Pléigh | Topaic stairiúil a scrúdú go mion, agus machnamh á dhéanamh ar dhearcthaí difriúla, athrú i léirmhínithe, agus fianaise, chun brí a bhaint as an méid a tharla san am atá caite. |
| Measúnaigh | Fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna. |
| Scrúdaigh | Breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunúis, barúlacha, dearcthaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh. |
| Fiosraigh | Breathnú, ceistiú, cíoradh, staidéar a dhéanamh, d’fhonn fíricí a shuí nó cur síos a dhéanamh ar thuairim nó seasamh. |
| Sainaithin | Fíricí, patrúin, imeachtaí, nó mionsonraí sonracha a aithint agus a ainmniú agus freagra a thabhairt as raon féidearthachtaí. |

| | |
|---|---|
| Iniúch | Breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a shuí, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua. |
| Aimsigh | Teacht ar eolas stairiúil laistigh de théacs/foinse, ach úsáid a bhaint as foinsí príomhúla agus tánaisteacha, agus meastóireacht á déanamh ar fhoinsí i gcónaí chun claonadh agus bolscaireacht a bhrath. |
| Úsáid | Eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh. |

## Aguisín 5: Gluais téarmaí

| Coincheap/téarma | Tuiscint |
|---|---|
| **Fíornáisiúnachas** | Baineann an téarma seo le stair na hÉireann ag tús an 20ú haois, agus tagraíonn sé do bhrú radacach, ar minic é a bheith míleatach, chun neamhspleáchas iomlán ar an mBreatain a bhaint amach. Chuimsigh sé grúpaí míleata, grúpaí cultúrtha agus grúpálacha polaitíochta. |
| Tuiscint ar an "Mórphictiúr" | Cuidítear lenár gcomhfhiosacht staire a fhorbairt nuair a bhíonn 'mórphictiúr' againn den saol atá thart. Cuidíonn sé linn mórphatrúin athraithe a fheiceáil agus tugtar creat dúinn chun an t-eolas a fhaighimid faoi ghníomhartha daoine ar thángamar trasna orthu a thuiscint agus iad a chur i gcomhthéacs. Cuidíonn se linn tuiscint chróineolaíocht fhadtéarmach a léiriú agus ceangail a dhéanamh idir imeachtaí agus forbairtí ó thréimhsí difriúla ama. |
| Céimlathais chultúrtha | Cleachtais, luachanna agus creidimh chultúrtha a chur in ord laistigh de shochaí. |
| Feiniméin chultúrtha | Imeacht nó treocht inbhraite a mbíonn tionchar mór aige ar an tsochaí, a théann i bhfeidhm ar chreidimh agus léirithe ealaíonta. |
| Tuiscint choincheapúil / dhisciplíneach | Tuiscint ar dhisciplín agus nádúr na staire, lena n-áirítear an bealach a bhforbraíonn staraithe cuntais stairiúla bunaithe ar fhianaise atá ar fáil, agus na smaointe agus na creatlacha atá mar bhonn faoi fhorbairt na gcuntas stairiúil. |
| Teicnící anailísithe cáipéisí | Brí a léirmhíniú agus a eachtarshuí as ábhair scríofa, amhairc nó fhisiciúla éagsúla, rud a chuireann léargas ar fáil ar thaifid, beartais agus insintí pearsanta stairiúla. |
| Guthanna faoi cheilt | Daoine aonair agus grúpa imeallaithe ar minic a ligimid tharainn iad agus a bhfuil neamhaird tugtha ar a gcuid scéalta agus eispéireas den chuid is mó nó atá curtha faoi chois in insintí stairiúla traidisiúnta. |
| Coincheapa stairiúla | Smaointe agus creatlacha bunúsacha a chuireann bonn eolais faoin smaointeoireacht stairiúil agus a chothaíonn an cineál smaointeoireachta sin.<br>Áirítear ar shamplaí tábhacht stairiúil, leanúnachas agus athrú, cúis agus iarmhairt, agus dearcthaí stairiúla. |
| Comhfhiosacht faoin stair | Modh smaointeoireachta a chuireann ar ár gcumas muid féin a shuí in am, agus an t-am atá caite, i láthair agus amach anseo a thabhairt le chéile i ngaol a ligeann dúinn ár gcuid eispéireas a chur i gcreatlach níos leithne de thaithí an duine. Nuair a bhímid comhfhiosach faoin stair, athraítear an bealach a bhféachaimid ar an domhan agus ár n-áit sa domhan. |
| Comhbhá stairiúil | Meon chun meastóireacht agus machnamh a dhéanamh ar na smaointe, siocracha agus gníomhartha a bhí ag daoine san am atá thart i gcomhthéacs an domhain agus na ré inar mhair siad. |

| | |
|---|---|
| Litearthacht stairiúil | An cumas tuiscint dhomhain ar imeachtaí agus próisis stairiúla a léiriú ach dul i ngleic le téacsanna stairiúla go gníomhach, agus feasacht ar choincheapa stairiúla mar bhonn leis sin. |
| Insintí stairiúla | Scéalta nó cuntais faoi dhaoine, eispéiris, imeachtaí agus próisis san am atá thart, a cuireadh le chéile bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil. |
| Feiniméin stairiúla | Eachtraí, imeachtaí, téamaí, saincheisteanna, forbairtí nó treochtaí a mhúnlaigh sochaithe agus cultúir le himeacht aimsire. |
| Próisis stairiúla | Modhanna chun cur síos a dhéanamh ar fhorbairtí nó athruithe le himeacht aimsire a bhfuil níos mó i gceist leo ná imeachtaí scoite amháin, ach ina bhfuil ceangal idir imeachtaí agus forbairtí. |
| Tábhacht stairiúil | Breithiúnas faoin tábhacht agus faoin ábharthacht atá le feiniméan stairiúil, agus an tionchar a bhí aige nó an chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar fhorbairtí stairiúla ina dhiaidh sin. |
| Scríobh na staire | An staidéar a dhéantar ar scríbhinní stairiúla, an stair a scríobh, agus ceistiú ar an gcaoi a gcruthaíonn staraithe cuntais ar an am atá thart. |
| Taithí saoil | Cuntais aonair agus phearsanta agus dearcthaí ar shaolta ón am atá thart. |
| Áitiúil | In aice láimhe nó ceangailte le ceantar beag ar leith, cuir i gcás do bhaile, do phobal nó do réigiún. |
| Féiniúlachtaí iomadúla | Féiniúlachtaí sóisialta, cultúrtha agus pearsanta éagsúla a bhíonn ag daoine aonair san am céanna agus ar múnlaíodh iad de bharr cúinsí ó imeachtaí san am atá thart. |
| Grúpaí reiligiúnacha | Daoine a leanann an reiligiún céanna agus a dhéanann adhradh ar bhealach comhchosúil. |
| Seicteachas | Caitheamh le daoine go héagothrom nó le naimhdeas mar gheall go mbaineann siad le grúpa reiligiúnach difriúil nó le brainse difriúil laistigh de reiligiún.<br>Is minic a bhaineann sé le deighilt, réamhchlaonadh, leithcheal, nó coinbhleacht idir na grúpaí sin. |
| Cruatan sóisialta | Tagraíonn cruatan sóisialta don bhochtaineacht uirbeach as cuimse, díothacht tuaithe, géarchéim thithíochta agus eisimirce ard a bhain do mhuintir na hÉireann ag tús an 20ú haois. |
| Beartas sóisialta | Na pleananna agus na gníomhartha a dhéanann rialtas chun saol agus folláine na ndaoine a chur chun feabhais, go háirithe i réimsí cosúil le sláinte, oideachas, tithíocht, leas agus fostaíocht. |

